2025/1161

6.6.2025

CINNEADH (CBES) 2025/1161 ÓN gCOMHAIRLE

an 5 Meitheamh 2025

lena leasaítear Gníomhaíocht Chomhpháirteach 2008/124/CBES maidir le Misean Smachta Reachta an Aontais Eorpaigh sa Chosaiv *, EULEX KOSOVO

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar an Aontas Eorpach, agus go háirithe Airteagal 42(4) agus Airteagal 43(2) de,

Ag féachaint don togra ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An 4 Feabhra 2008, ghlac an Chomhairle Gníomhaíocht Chomhpháirteach 2008/124/CBES ([1]).

(2) An 5 Meitheamh 2023, ghlac an Chomhairle Cinneadh (CBES) 2023/1095 ([2]), lena leasaítear Gníomhaíocht Chomhpháirteach 2008/124/CBES agus lena gcuirtear síneadh le Misean Smachta Reachta an Aontais Eorpaigh sa Chosaiv (EULEX KOSOVO) go dtí an 14 Meitheamh 2025.

(3) I gcomhthéacs an athbhreithnithe straitéisigh ar EULEX KOSOVO, chomhaontaigh an Coiste Polaitiúil agus Slándála gur cheart síneadh a chur leis an Misean go dtí an 14 Meitheamh 2027.

(4) Níor cheart a thuiscint go ndéanann aon ní sa Chinneadh seo dochar do neamhspleáchas agus d'uathriail na mbreithiúna agus na n-ionchúisitheoirí atá gníomhach in imeachtaí breithiúnacha i gcomhthéacs EULEX KOSOVO.

(5) Ós rud é go bhfuil saintréithe speisialta ag gníomhaíochtaí EULEX KOSOVO mar thaca leis na himeachtaí breithiúnacha a athlonnaíodh laistigh de Bhallstát, is iomchuí an méid a bheartaítear chun go gcumhdaítear an tacaíocht d'imeachtaí breithiúnacha den sórt sin a athlonnaíodh a shocrú agus foráil a dhéanamh maidir leis an gcuid sin den bhuiséad a chur chun feidhme trí bhíthin deontais.

(6) Ba cheart Gníomhaíocht Chomhpháirteach 2008/124/CBES a leasú dá réir sin.

(7) Cuirfear EULEX KOSOVO i gcrích i gcomhthéacs staid a bhféadfadh meathlú teacht uirthi agus a d'fhéadfadh bac a chur ar bhaint amach chuspóirí ghníomhaíocht sheachtrach an Aontais mar a leagtar amach in Airteagal 21 den Chonradh iad,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasaítear Gníomhaíocht Chomhpháirteach 2008/124/CBES mar a leanas:

(1) in Airteagal 16(1), cuirtear an méid seo a leanas in ionad na fomhíre deiridh:

'Is é EUR 170 866 980 a bheidh sa mhéid tagartha airgeadais a bheartaítear chun caiteachas EULEX KOSOVO a chumhdach ón 15 Meitheamh 2025 go dtí an 14 Meitheamh 2027. As an méid sin, is é EUR 64 492 980 a bheidh sa mhéid a bheartaítear chun caiteachas EULEX KOSOVO a chumhdach lena shainordú a chur chun feidhme sa Chosaiv agus is é EUR 106 374 000 a bheidh sa mhéid a bheartaítear chun an tacaíocht do na himeachtaí breithiúnacha a athlonnaíodh laistigh de Bhallstát a chumhdach.

* Ní dochar an t-ainmniú seo do sheasaimh maidir le stádas, agus tá sé i gcomhréir le Rún 1244 (1999) ó Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe agus le Tuairim CBI maidir le dearbhú neamhspleáchais na Cosaive.

([1]) Gníomhaíocht Chomhpháirteach 2008/124/CBES ón gComhairle an 4 Feabhra 2008 maidir le Misean Smachta Reachta an Aontais Eorpaigh sa Chosaiv, EULEX KOSOVO (IO L 42, 16.2.2008, lch. 92, ELI: http://data.europa.eu/eli/joint_action/2008/124/oj).

([2]) Cinneadh (CBES) 2023/1095 ón gComhairle an 5 Meitheamh 2023 lena leasaítear Gníomhaíocht Chomhpháirteach 2008/124/CBES maidir le Misean Smachta Reachta an Aontais Eorpaigh sa Chosaiv, EULEX KOSOVO (IO L 146, 6.6.2023, lch. 22, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2023/1095/oj).

Síneoidh an Coimisiún comhaontú deontais le cláraitheoir a bheidh ag gníomhú thar ceann clárlainne a bheidh i gceannas ar riar na n-imeachtaí breithiúnacha a athlonnaíodh ar shuim EUR 106 374 000. Beidh feidhm ag na rialacha maidir le deontais dá bhforáiltear i Rialachán (AE, Euratom) 2024/2509 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (*) maidir leis an gcomhaontú deontais.

Cinnfidh an Chomhairle an méid tagartha airgeadais don tréimhse ina dhiaidh sin do EULEX KOSOVO.

(*) Rialachán (AE, Euratom) 2024/2509 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Meán Fómhair 2024 maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme maidir le buiséad ginearálta an Aontais (IO L, 2024/2509, 26.9.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/2509/oj).'.

(2) in Airteagal 20, an dara mír, cuirtear an méid seo a leanas in ionad na chéad abairte:

'Rachaidh sé in éag an 14 Meitheamh 2027.'.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

Arna dhéanamh i Lucsamburg, an 5 Meitheamh 2025.

Thar ceann na Comhairle

An tUachtarán

D. KLIMCZAK